Tuilte i Luimneach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuilte i Luimneach. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal seo a aimsiú?

1. seirbhísí éigeandála _____
2. tuile uisce _____
3. barr taoide rabharta _____
4. teanntaithe _____
5. An Meán-Iarthar _____
6. borradh stoirme _____
7. a mhaolú _____
8. thar a bruacha _____
9. den tríú babhta _____
10. fógartha _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Éist leis an mír arís, agus ansin pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Féach ar an mír arís, agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cén dochar a rinne na tuilte i Luimneach ar maidin?
2. Cén bhaint a bhí ag an mbarr taoide rabharta leis an scéal?
3. Cuir Gaeilge ar an méid a dúirt Paul Ryan.
4. Cén fáth a bhfuil imní ar mhuintir na háite faoi na hoícheanta amach romhainn?

Ceist 4 '…muintir <u>na háite</u>…'

Sa sampla thuas, tá an dara hainmfhocal sa tuiseal ginideach de bhrí go bhfuil ainmfhocal eile ag teacht roimhe. Bain amach na lúibíní sna ceisteanna seo thíos agus athraigh na focail más gá.

daltaí (an scoil) _____
ainm (an comhlacht) _____
fadhbanna (an fear) _____
mála (an bhean) _____
stoirmeacha (an geimhreadh) _____
troscán (an teach) _____
fráma (an pictiúr) _____
áilleacht (an fhilíocht) _____
imeacht (an aimsir) _____

Ceist 5 Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den saorbhriathar a chloiseann tú inti. Cuir in abairtí iad ansin lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil an oiread sin stoirmeacha againn in Éirinn i mbliana, dar leat?
2. Dá mbeadh do theach ag dul trí thine agus mura mbeifeá in ann ach rud amháin a shábháil ón teach, cad a thabharfá leat?
3. An bhfuil an rialtas ag déanamh a dhóthain chun cuidiú le daoine atá thíos leis na stoirmeacha, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. seirbhísí éigeandála	*emergency services*
2. tuile uisce	*a flood of water*
3. barr taoide rabharta	*high spring tide*
4. teanntaithe	*cornered, hemmed in*
5. An Meán-Iarthar	*the Mid-West*
6. borradh stoirme	*surging storm*
7. a mhaolú	*to abate*
8. thar a bruacha	*overflowing her banks*
9. den tríú babhta	*for the third time*
10. fógartha	*announced*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

daltaí (an scoil)	*daltaí na scoile*
ainm (an comhlacht)	*ainm an chomhlachta*
fadhbanna (an fear)	*fadhbanna an fhir*
mála (an bhean)	*mála na mná*
stoirmeacha (an geimhreadh)	*stoirmeacha an gheimhridh*
troscán (an teach)	*troscán an tí*
fráma (an pictiúr)	*fráma an phictiúir*
áilleacht (an fhilíocht)	*áilleacht na filíochta*
imeacht (an aimsir)	*imeacht na haimsire*

Ceist 5
- *fágadh*
- *dúradh*
- *buaileadh*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Tomás Ó Mainnín
Luath ar maidin i bPáirc Naomh Muire i gCathair Luimnigh agus na seirbhísí éigeandála ar an láthair ag iarraidh tuile uisce a réiteach. Tar éis uisce trom agus barr taoide rabharta, tháinig an t-uisce isteach ar an mbóthar anseo. Fágadh muintir na háite agus daltaí scoile ar maidin teanntaithe ag an dtuile[1] agus deacrachtaí ag feithiclí dul tríd an uisce.

Dúradh gurb í seo an stoirm is measa a bhuail an Meán-Iarthar fós an geimhreadh seo. Dúirt na húdaráis gur chuir gála na maidine go mór le borradh stoirme nach raibh aon choinne leis anseo, le taoide de 4.3 méadar ar airde laistiar de. In 2014, buaileadh an áit seo go holc agus léirigh daoine fearg anseo ar maidin, ag rá gur beag a bhí déanta ó shin chun a leithéid seo a mhaolú.

Sa Chorrbhaile, ar an dtaobh[2] thuaidh den gcathair[3], chuaigh an tSionainn thar a bruacha, agus isteach i gcúig cinn de thithe. Den tríú babhta ó 2009, bhí an t-uisce istigh ina dtigh[4] ag Paul agus ag Margaret Ryan.

'It was up to my knees, the whole house covered.'

Óna sé a chlog ar maidin, bhíodar ag iarraidh a gcuid troscáin agus a gcuid sealúchaisí[5] tí a ardú ón uisce. Faraor, do bhuaigh an t-uisce ar mhórán dá n-iarrachtaí. Tá taoide ard fógartha anseo don gcúpla[6] oíche atá romhainn. Cé go bhfuil an gála maolaithe tráthnóna, tá imní anseo go bhféadfadh cúpla oíche dheacair fós a bheith rompu, de bharr na haimsire sractha[7] atá fógartha.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Luimneach.

[1] Córas na Mumhan
[2] Córas na Mumhan
[3] Córas na Mumhan
[4] *ina dteach* an leagan caighdeánach
[5] *a gcuid sealúchais* an leagan caighdeánach
[6] Córas na Mumhan
[7] *an aimsir stracaithe* a deirtear